Aonad 6: Maireachtáil Inbhuanaithe

Pointe Teagaisc

Tá athrú tagtha ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann i gcaitheamh na mblianta agus sa bhorradh geilleagrach a tharla le déanaí, ach go háirithe. Fágann iarmhairtí fáis gheilleagraigh iarmhairtí ar chúrsaí comhshaoil. Caithfimid pleanáil a dhéanamh don todhchaí, chun bealaí a aimsiú chun an comhshaol a chosaint agus freastal ar ár riachtanais maidir le fuinneamh, le hiompar, le bia, le huisce glan agus le haer glan san am céanna.

"Ciallaíonn forbairt inbhuanaithe forbairt ina ndéantar freastal ar riachtanais na linne seo gan cur isteach ar chumas na nglúta atá fós le teacht freastal ar a riachtanais féin."

Ár dtodhchaí i gcoitinne, Tuarascáil Brundtland.

D'fhonn oibriú i dtreo sochai inbhuanaithe, ní mór dúinn ar fad sinn féin a iompar ar bhealach a íoslaghdaíonn ár dtionchar diúltach ar an gcomhshaol, i slí go ndéantar nós den iompar freagrach i leith an chomhshaoil.

Torthaí Foghlama

Déanfaidh na daltaí na rudaí seo a leanas:

- Déanfaidh na daltaí taiscéaladh ar choincheap tithe teaghlaigh níos glaise.
- Beidh ar a gcumas gníomhartha pearsanta agus áitiúla a mholadh a chabhraíonn le daoine bealach níos inbhuanaithe maireachtála a bheith acu.

Gearrthóga Eco Eye Clips agus Cleachtaí Tuisceana

(NB. Ná déan dearmad iad a phriontáil agus a ullmhú roimh ré)

Teachtaireacht Scoileanna Glasa a bhreith abhaile

Breathnaímid anseo ar conas a thugann daltaí bunscoile a ghlacann páirt sna Scoileanna Glasa an teachtaireacht abhaile chun a bpobal féin agus chun a dteaghlach féin tríd an tionscnamh um Theaghlach Glas.

Breathnaigh ar na gearrthóga scannáin (roghnaigh an t-iomlán, nó ceann amháin díobh), agus comhlánaigh na cleachtaí tuisceana

Gníomhaíochtaí

1. Taighde aonair: Iniúchadh ar nós inbhuanaithe maireachtála

- Is féidir le daltaí cuairt a thabhairt ar shuíomh idirlín na dTeaghlach Glasa chun taighde a dhéanamh ar an ábhar ag http://www.greenhome.ie .
- Iarrtar ar dhaltaí díriú ar a nós maireachtála féin nó ar nós maireachtála a dteaghlach ó thaobh na maireachtála inbhuanaithe de. Féach an ceistneoir samplach atá faoi iamh.

Anailís ar na torthaí

Tar éis do na daltaí na ceistneoirí a chomhlánú, déan anailís ar na torthaí sa rang trí scagadh a dhéanamh ar na freagraí ar gach ceist, faoi seach.

Mar shampla, Ceist 1:

- Freagraí dearfacha = 13 Freagraí diúltacha = 12.
- Oibrigh amach an céatadán: Dearfach = 52% Diúltach = 48%
- Úsáid an próiseas céanna do gach ceist dá soláthraítear freagra socraithe.

Maidir leis na ceisteanna oscailte, ba cheart don rang liosta a dhéanamh de na freagraí ar fad a d'fhéadfadh a bheith orthu agus ansin freagraí arb ionann nó cosúil lena chéile iad a rangú i ngrúpaí. Déan iomlán gach grúpa a chomhaireamh agus cuir an toradh sin i láthair mar chéatadán den iomlán.

Torthaí agus tátail

Ba cheart do dhaltaí tuairisc ghearr i scríbhinn a chur i láthair an ranga chun torthaí uile an iniúchta a léiriú agus ansin na tátail is tábhachtaí a bhaint astu. Is féidir leo na ceisteanna seo a chur:

- Cad a insíonn na torthaí dúinn maidir lenár nós maireachtála?
- Cad iad na príomhréimsí saoil nach bhfuil inbhuanaithe agus a chuireann leis an téamh domhanda agus le hathrú aeráide?
- Cad iad na príomhréimsí is féidir a athrú, a d'fhéadfadh cabhrú le cúrsaí?

Gníomh

Téir i mbun gnímh anois

- Déan léiriú as do chuid torthaí agus cuir ar taispeáint sa scoil nó sa phobal (mar shampla, i leabharlann áitiúil, in ionad pobail, in ionad siopadóireachta, nó i mbileog eolais le cur abhaile in éineacht leis na daltaí).
- Cuir suíomh idirlín le chéile chun staid cúrsaí a aibhsiú nó cuir na torthaí sin suas ar shuíomh idirlín na scoile.
- Déan an tionscadal a fhairsingiú go dtí iniúchadh níos leithne sa phobal.

2. Imscrúdú – obair allamuigh

Maireachtáil inbhuanaithe: Iniúchadh pobail

Roghnaigh sampla eolaíoch as Clár na dToghthóirí agus comhlánaigh 200 ceitneoir.

Meabhraigh na céimeanna!

Céim 1: Sainaithin eochairaidhmeanna nó foirmligh hipitéis

Céim 2: Sainaithin agus faigh an t-ábhar cúlrach a theastaíonn

Céim 3: Sainaithin príomh-mhodhanna cruinnithe do chuid faisnéise

Céim 4: Sainaithin na príomhthorthaí agus bain tátail astu

Céim 5: Sainaithin gníomhaíochtaí indéanta a d'fhéadfadh cabhrú le cúrsaí.

Teideal an imscrúdaithe: Maireachtáil inbhuanaithe: Iniúchadh pobail

Céim 1: Aidhmeanna

- Chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh mór is a bhaineann prionsabail na maireachtála inbhuanaithe leis na teaghlaigh sa phobal agatsa.
- Chun scrúdú a dhéanamh ar na modhanna iompair a bhíonn in úsáid ag daonra an phobail.
- Chun breathnú ar inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí a eagraíonn an tÚdarás Áitiúil i gcomhair an phobail, mar shampla, an gcuirtear araidí athchúrsála/múirínithe ar fáil agus an mbailítear iad, an bhfuil go leor áiseanna Beir Leat sa cheantar?

Céim 2: Ullmhúchán agus ábhar cúlrach

- Breathnaigh ar an ngearrthóg scannáin agus comhlánaigh an cleachta tuisceana.
- Réitigh an ceistneoir agus cuir leis chun ceisteanna maidir leis an Údarás Áitiúil, más mian leat. Cuir suirbhé píolótach i gcrích chun éifeacht an cheistneora a thástáil. Má tá an ceistneoir comhlánaithe cheana féin ag an rang, is leor sin mar thástáil mhaith ar an gceistneoir. Déan athrú ar bith ar an gceistneoir, de réir mar a theastaíonn.
- Roghnaigh sampla den daonra le cur faoi shuirbhé. Chun sampla 200 den lucht cónaithe a roghnú, glac na céimeanna seo a leanas.

- Faigh cóip den Chlár Toghthóirí is déanaí ó oifigí an Údaráis Áitiúil.
- Aibhsigh na limistéir tithíochta is mian leat a chuimsiú i do shuirbhé agus oibrigh amach daonra iomlán atá sa limistéar staidéir sin.
- Roghnaigh 400 freagróirí chun suirbhé comhlánaithe 200 a chur i gcrích.
- Roinn an daonra iomlán ar 400. Mar shampla, más líon iomlán 8500 atá sa daonra, roinn 8500 ar 400 = 21.25. Anois, roghnaigh gach 21ú duine ar an gclár.
- Roghnaigh do thúsphointe trí uimhir randamach idir 1 agus 21 a roghnú. Is ar an dóigh sin a roghnóidh tú do liosta freagróirí. Anois, roghnaigh gach dara freagróir mar ionadaí. Cuirfidh sé sin ar do chumas 200 agallamh ionadacha a fháil agus sampla eolaíoch in úsáid agat chuige sin.
- Anois, roinn an liosta ar bhaill an ranga (is féidir le daltaí obair a dhéanamh i bpéiri) agus cuir ina luí orthu gurb iad na daoine ar an liosta sin amháin atá in ann na ceisteanna a fhreagairt. I gcás nach mbíonn teacht ar an gcéad duine, nó má dhiúltaíonn sé/sí na ceisteanna a fhreagairt, caithfidh siad dul ar aghaidh go dtí an ionadaí.

Céim 3: Modhanna cruinnithe sonraí

- Caithfidh gach dalta na freagróirí ar an liosta a chur faoi agallamh ar leic an dorais agus na ceistneoirí comhlánaithe a thabhairt ar ais chun na scoile.

Céim 4: Torthaí agus tátail

- Déantar na torthaí agus na tátail a thiomsú ar aon dóigh leis an iniúchadh teaghlaigh.

Céim 5: Gníomh

- Déan léiriú as do chuid torthaí agus cuir ar taispeáint sa scoil nó in áras poiblí iad.
- Cuir do thorthaí go dtí an údarás áitiúil, mar aon le do mholtaí maidir le hathrú.
- Scríobh tuairisc don nuachtán áitiúil chun do thátail agus do mholtaí a aibhsiú.

- Tabhair cuireadh d’ionadaí áitiúil nó do chainteoir as grúpa comhshaoil teacht chun an cheist a phlé le do rang.

Suirbhé um Maireachtáil Inbhuanaithe:

Iniúchadh Teaghlaigh

Tá tionscadal á dhéanamh ag ár rang Idirbhliana maidir le Maireachtáil inbhuanaithe inár gceantar áitiúil féin. Tá 10 teaghlach sa cheantar seo á gcur faoi agallamh agam. Ar mhiste leat 5 nóiméad a ghlacadh chun roinnt ceisteanna a fhreagairt, más é do thoil é?

Freagair na ceisteanna seo a leanas, más é do thoil é.

An Teach:

1. An bhfuil fallaí do thí inslithe? T☐ N☐ Ní fios☐

2. An bhfuil áiléar do thí inslithe? T☐ N☐ Ní fios☐

3. An bhfuil na fuinneoga déghloinithe? T☐ N☐ Ní fios☐

4. An bhfuil bolgáin ar bith agat atá tíosach ar fhuinneamh? T☐ N☐ Ní fios☐

5. Cén saghas breosla is mó a úsáidtear chun an teach a théamh?

_____

6. An bhfuil socruithe “éicea-bhách” ar an inneall níocháin éadaí/gréithre?

T☐ N☐ Ní fios☐

An úsáideann tú iad?

Ú☐ N☐

7. An ndéantar cuid ar bith de dhramhaíl an teaghlaigh a shórtáil agus a athchúrsáil?

D☐ N☐

If Má dhéanann, cad a tharlaíonn do na hábhair seo a leanas:

Dramhaíl gloine?

- Bailítear i gcomhair a hathchúrsála í
- Tugtar go dtí ionad athchúrsála í
- Caitear amach í/cuirtear in araid i gcomhair a diúscartha í

Dramhaíl páipéir?

- Bailítear i gcomhair a hathchúrsála í
- Tugtar go dtí ionad athchúrsála í
- Caitear amach í/cuirtear in araid i gcomhair a diúscartha í

Dramhaíl plaistigh?

- Bailítear i gcomhair a hathchúrsála í
- Tugtar go dtí ionad athchúrsála í
- Caitear amach í/cuirtear in araid i gcomhair a diúscartha í

Dramhaíl bia?

- Déantar í a mhúiríniú ag baile
- Bailítear i gcomhair a hathchúrsála í
- Tugtar go dtí ionad athchúrsála í
- Caitear amach í/cuirtear in araid i gcomhair a diúscartha í

An Gáirdín:

8. An bhfuil gairdín sa bhaile agat? T nó N

9. Má tá, cad a tharlaíonn don dramhaíl gairdín? _____

- Déantar í a mhúiríniú ag baile
- Bailítear i gcomhair a hathchúrsála í
- Tugtar go dtí ionad athchúrsála í
- Caitear amach í/cuirtear in araid i gcomhair a diúscartha í

10. An ndéanann tú ábhar ar bith a mhúiríniú? D nó N

Má dhéanann, cad iad na hábhair a ndéantar iad a mhúiríniú?

_____

_____

_____

11. Cad a bhíonn in úsáid chun an féar a ghearradh? _____

Cén breosla a úsáidtear chuige sin?_____

Taisteal:

12. An bhfuil carr ag an teaghlach?

T☐ nó N☐

13. Má tá, cé mhéid carranna? _____

14. Cad é do mhodh taistil go dtí an obair/scoil/coláiste? _____

15. Cén céatadán de thurais do theaghlaigh a dhéantar le hiompar poiblí? _____

16. Cad é do mheas ar an gcóras poiblí iompair i do cheantar, maidir le cáilíocht agus fáil air?

Go Maith ☐ Go hAn-Mhaith ☐ Go Dona ☐ Go hAn-Dona ☐

Siopadóireacht:

17. Cén saghas málaí siopadóireachta a úsáideann tú? _____

18. An féidir leat trí tháirge a lua a cheannaíonn tú go rialta ina bhfuil ábhar athchúrsáilte?

(i)_____ (ii)_____ (iii)_____

19. Conas a chaitheann tú leis an bpacáistíocht a bhaineann le táirgí tar éis iad a úsáid?

_____

_____

20. Arbh fhéidir leat bealaí ar bith a mholadh ina bhféadfadh siopaí méid an ábhair dramhaíola a chruthaíonn siad a laghdú?

_____

_____

_____

21. Arbh fhéidir leat bealaí ar bith a mholadh ina bhféadfadh tomhaltóirí méid an ábhair dramhaíola a chruthaíonn siad a laghdú?

22. An scrúdaíonn tú na lipéid ar bhia agus an ndéanann tú iarracht bia a fhástar go háitiúil a cheannach?

S nó N

23. An bhfuil a fhios agat cén lorg coise carbóin atá agat?

T nó N ❒

24. An bhfuil a fhios agat cén áit arbh fhéidir leat é a ríomh?

T nó N

An bhfuil cead agam ceisteanna pearsanta a chur ort mar chríoch leis an gceistneoir?

25. Cén aoisghrúpa lena mbaineann tú?

Faoi 20 ☐ 20 go 34 ☐ 35 go 49 ☐ 50 go 64 ☐ thar 64 ☐

26. Inscne? Fireann ☐ Baineann ☐

27. Cad é do stádas pósta? Pósta ☐ Singil ☐ Eile ☐

Go raibh maith agat as ucht do chabhrach.